# Tuairisc *Coláistí na Gaeltachta* 2025/26

10 Eanáir 2026

Bunaíodh Coláistí na Gaeltachta anuraidh (2024/25) le foireann sinsir scoile peile a chuir le chéile. Thug an fhoireann seo deis do na peileadóirí is láidre/cumasaí sa cheantar imirt ar leibhéal níos airde ná ag leibhéal scoile. D'imir muid i gComórtas na Gaillimhe ar bhonn trialach anuraidh (chuaigh muid chomh fada le cluiche ceannais na sceithe) agus d'éirigh thar cionn leis an togra. Tá físeán le feiceáil [anseo].

Fuair muid cuireadh imirt i gCraobh Chonnacht i mbliana 2025/26. Bhí seasúr fíor-rathúil againn i i gCraobh Chonnacht sa Ghrád Sinsear B. Tá os cionn 30 bliain ó d'imir aon scoil i gConamara sa ghrád seo agus bhí na himreoirí óga an cheantair ar bís tabhairt faoin deis. Bhí muid in aon ghrúpa le Coláiste Pobail Dhún Mór, Coláiste na Toirbhirte Áth Cinn agus Coláiste Calasanctius Órán Mór. D'éirigh linn ár mbealach a dhéanamh as an grúpa sa dara háit tar éis trí chluiche fíoriomaíoch. Is iad Coláiste Naomh Nathy, Maigh Eo a bhí mar chéile comhraic againn i gcluiche ceathrú ceannais an chúige.Tá deireadh déanta linn i mbliana ó fuair Coláiste Naomh Nathy an ceann is fearr orainn i Lárionad Chonnacht i mBekan, Dé hAoine seo caite.

Is iad Coláiste na bPiarsach (Rosmuc), Scoil Phobail Mhic Dara (Cárna), Coláiste Chroí Mhuire (An Spidéal), Coláiste Cholm Cille (Indreabhán), Coláistí Oileáin Árann (Coláiste Naomh Éinne & Coláiste Naomh Eoin), agus Coláiste Naomh Fheichín (Corr na Móna) atá páirteach i *Coláistí na Gaeltachta*. Bhí 13 seisiún againn le chéile i mbliana, 4 chluiche i gCraobh Chonnacht agus 9 sheisiún traenála. Ní bheadh muid in ann feidhmiú d'uireasa tacaíocht na scoileanna agus tá muid fíorbhuíoch astu.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le roinnt daoine agus eagraíochtaí a thacaigh linn.

I dtosach leis na himreoirí óga - Ba mhór an pléisiúr a bheith ag obair leo. Is mór an chreidiúint iad dá scoileanna agus is eiseamláirí iad cinnte den cheantar. Rinne siad dul chun cinn iontach i mbliana agus tá muid ag súil go mór leo a leanacht agus iad ag imirt i gcoinne a chéile ar son cumainn fud fad Chonamara sna blianta amach romhainn.

Dóibh siúd atá i mbliana na hArdteiste: Macdara, Ferdia & Lúc (Coláiste Chroí Mhuire), Ciarán, Daniel, Anthony, Charlie & Keelan (Coláiste Cholm Cille), Caoileann (Scoil Phobail Mhic Dara), Rian (Coláiste Naomh Feichín), Máirtín (Coláiste Naomh Eoin) agus Eoin & Cian (Coláiste Naomh Éanna) - ádh mór oraibh sna scrúdaithe agus chuile rath oraibh amach anseo.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí a thug na himreoirí chuig traenáil agus a tháinig chuig na cluichí le tacaíocht a thabhairt dúinn.

Buíochas chomh maith le CLG Mícheál Breathnach as úsáid na páirce don traenáil agus cluichí.

Ní bheadh muid in ann feidhmiú ach an oiread d'uireasa an mhaoiniú atá faighte againn. Tá muid go mór faoi chomaoin ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir, Pleanáil Teanga Chois Fharraige, Pleanáil Teanga Inis Meáin, Pleanáil Teanga Inis Mór agus PT Dhúiche Sheoigheach/Thuar Mhic Éadaigh as tacú linn.

Ba mhaith linn buíochas chomh maith a ghabháil le **súilsiar.ie** agus Feargal Ó Máirtín a rinne urraíocht ar shraith gheansaithe imeartha.

Ar ndóigh, is foireann Ghaeilge muid. Reáchtáil muid na seisiúin trí Ghaeilge. Ní raibh ach Gaeilge le cloisteáil ar an bpáirc traenála i measc na n-imreoirí. Bhí sé go hálainn Gaeilgeoirí a thabhairt le

chéile as seacht scoil éagsúil sa togra seo. Tá os cionn 60 imreoir tar éis a bheith páirteach sa togra le dhá bhliain anuas agus muid ag súil go mbeidh an taithí céanna ag tuilleadh imreoirí sna blianta amach romhainn.

Go raibh maith agaibh uilig as tacaíocht a thabhairt dúinn.

**Dónal, Aonghus & Seán**
(Foireann bhainistíochta *Coláistí na Gaeltachta)*

